RÚN (AE) 2022/1777 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V a ghabhann lena Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0120/2022),

A. de bhrí, de réir a ráitis ar ioncam agus ar chaiteachas ([1]), gurbh é EUR 30 764 883 buiséad críochnaitheach Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh ("an Ghníomhaireacht") don bhliain airgeadais 2020, arb ionann é agus méadú 13,36 % i gcomparáid le 2019; de bhrí gur as buiséad an Aontais den chuid is mó a thagann buiséad na Gníomhaireachta;

B. de bhrí go ndearbhaíonn an Chúirt Iniúchóirí ("an Chúirt"), ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020 ("an tuarascáil ón gCúirt"), go bhfuil dearbhú réasúnta faighte aici go bhfuil cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta beacht agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúil agus rialta;

Buiséad agus bainistiú airgeadais

1. ag tabhairt dá haire, agus is mór aici, gur 99,98 % a bhí i ráta chur chun feidhme an bhuiséid mar thoradh ar na hiarrachtaí faireacháin buiséid i rith na bliana airgeadais 2020, arb ionann é agus an ráta cur chun feidhme in 2019; ag tabhairt dá haire gur 89,28 % a bhí i ráta forghníomhaithe na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, is é sin laghdú 2,97 % i gcomparáid le 2019;

2. ag tabhairt dá haire, ó bhí 2019 ann, go bhfuil tús curtha ag an nGníomhaireacht le táillí agus muirir a ghearradh as cúraimí deimhniúcháin; ag tabhairt dá haire, de réir an tsainordaithe maidir lena Rialachán nua, nach mór don Ghníomhaireacht na riachtanais shonracha atá ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a chur san áireamh; á iarraidh ar an nGníomhaireacht rialuithe éifeachtacha a thabhairt isteach chun stádas FBM na n-iarratasóirí a sheiceáil;

3. ag tabhairt dá haire gurbh ionann na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a cuireadh ar ceal agus beagnach 5 % (de bharr ghéarchéim COVID-19 den chuid is mó) agus gurbh ionann an ráta cur chun feidhme do leithreasuithe na bliana reatha agus 89,3 %;

4. ag tabhairt dá haire gurbh ionann toradh an bhuiséid in 2020 agus EUR 114 225, ar méadú é i gcomparáid le EUR 59 486 in 2019;

5. á mheabhrú go bhfuil an buiséad is lú ag an nGníomhaireacht as measc na ngníomhaireachtaí iompair d'ainneoin na feidhmíochta comhshaoil agus aeráide den scoth agus na mbuntáistí eile a bhaineann le hiompar d'iarnród; á chur i bhfáth go háirithe nár cheart go mbeadh sé d'oibleagáid ar an nGníomhaireacht tacaíocht bhreise a iarraidh ar an gCoimisiún, de bharr acmhainní airgeadais neamhleora, go háirithe nuair is tosaíocht bheartais de chuid an Aontais Eorpaigh iad iarnróid, go háirithe laistigh den Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste agus mar a léirítear le hainmniú na bliana 2021 mar Bhliain Eorpach na nIarnród; á iarraidh go méadófar buiséad na Gníomhaireachta ionas go mbeidh na hacmhainní is gá aici chun go mbeidh ar a cumas feidhmiú mar údarás éifeachtúil agus a cúraimí a chomhlíonadh, go háirithe na cúraimí sin a bhaineann le hiomaíochas a mhéadú, sábháilteacht agus idir-inoibritheacht trasteorann a fheabhsú agus go háirithe an ról agus na freagrachtaí feabhsaithe atá aici maidir le himlonnú tráthúil ERTMS;

Feidhmíocht

6. á aithint, le linn di a clár oibre le haghaidh 2020 a chur chun feidhme, gur bhain an Ghníomhaireacht amach go sásúil a spriocanna maidir leis na haschuir éagsúla d'ainneoin na ndúshlán a bhain le paindéim COVID-19, de réir mar a dheimhnigh an bord bainistíochta, chomh maith le leibhéal sásúil gnóthachtála a bhaint amach maidir lena cuid eochairtháscairí feidhmíochta;

([1]) IO C 114, 31.3.2021, lch. 91.

7. ag tabhairt dá haire, maidir leis an obair leantach ar bharúlacha ar urscaoileadh na bliana seo caite, go bhfuil feabhas á chur ag an nGníomhaireacht ar an gcaoi a sainíonn sí agus a ndéanann sí faireachán ar a cuid eochairtháscairí feidhmíochta; ag tabhairt dá haire go ndearnadh gníomhaíochtaí sonracha ina leith sin, amhail clár oibre na Gníomhaireachta a dhíriú ar loighic na hidirghabhála, an breisluach ar an gcóras iarnróid a thomhas agus clár a chur chun feidhme chun rialachas na Gníomhaireachta a stiúradh bunaithe ar shonraí; á chur in iúl gur geal léi na gníomhaíochtaí a tionscnaíodh agus á iarraidh ar an nGníomhaireacht tuairisciú don údarás um urscaoileadh maidir leis na forbairtí ina thaobh sin;

8. ag tabhairt dá haire gur in Lille agus in Valenciennes araon atá an Ghníomhaireacht lonnaithe, rud a léiríonn go bhféadfaí costais a laghdú dá ndéanfaí na hoibríochtaí uile a lárú san aon áit amháin; á aithint, áfach, nach faoi rialú na Gníomhaireachta atá an leigheas ar an mbarúil ghaolmhar atá sa tuarascáil ón gCúirt;

9. ag tabhairt dá haire ó fhreagraí na Gníomhaireachta go gcuireann an Ghníomhaireacht níos mó béime ó bhí 2020 ann ar an tionchar deiridh agus ar na torthaí deiridh lena rannchuidíonn a gníomhaíochtaí; ag tabhairt dá haire go háirithe gur mian leis an nGníomhaireacht loighic na hidirghabhála a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach tríd an "timthriall plean-déan-seiceáil-gníomh" atá aici, lena spreagfar dearcadh atá níos fadtéarmaí ó thaobh bainistiú acmhainní de;

10. ag tabhairt dá haire go roinneann an Ghníomhaireacht a cuid acmhainní le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, go háirithe maidir lena feidhmeanna riaracháin agus tacaíochta, agus go dtéann sí i gcomhar le gníomhaireachtaí eile iompair de chuid an Aontais i gcúrsaí oibríochtúla; ag tabhairt dá haire go bhfuil straitéis á forbairt ag an nGníomhaireacht freisin chun gnóthachain éifeachtúlachta a bhaint amach mar chuid dá doiciméad clársceidealaithe aonair lena soláthrófar fardal ar shocruithe atá ann cheana le gníomhaireachtaí eile agus lena bhfiosrófar comhar nua a d'fhéadfadh a bheith ann le comhlachtaí eile de chuid an Aontais; á tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil plé dáiríre ar bun le gníomhaireacht eile faoi Mheabhrán Comhair a thabhairt i gcrích;

11. ag tabhairt dá haire gur ullmhaigh an Ghníomhaireacht, in 2020, clár comhtháite bainistithe feidhmíochta a bhfuil de chuspóir leis éifeachtúlacht na Gníomhaireachta a fheabhsú sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma;

12. ag cur béim ar fhreagairt thráthúil agus leormhaith na Gníomhaireachta d'iarmhairtí phaindéim COVID-19, i ndáil lena socruithe foirne/oibre agus leis an earnáil iarnróid i gcoitinne, go háirithe trí threoirdhoiciméid agus treochláir COVID-19 an Aontais maidir le hiompar poiblí d'iarnród a dhréachtú; ag moladh gur bhain an Ghníomhaireacht dea-úsáid as na cistí a cuireadh ar fáil de bharr misin thar lear a bheith curtha ar ceal lenar áirithíodh, ar an gcaoi sin, go raibh sí in ann leanúint dá cúraimí a chomhlíonadh; á chur in iúl gur oth léi, áfach, na srianta buiséid faoina gcaithfidh an Ghníomhaireacht oibriú;

13. á chur in iúl gur geal léi, tar éis tús rathúil in 2019, go bhfuil an Ghníomhaireacht fós ag feidhmiú ina ról mar údarás aonair AE atá freagrach as údaruithe maidir le feithiclí iarnróid a chur ar an margadh a eisiúint chomh maith le deimhnithe sábháilteachta aonair do ghnóthais iarnróid agus formheasanna ERTMS taobh riain, mar a luaitear i gcreat dlíthiúil an 4ú Pacáiste Iarnróid; ag tabhairt dá haire go raibh 2020 ina chloch mhíle thábhachtach maidir le cur chun feidhme an 4ú Pacáiste Iarnróid, agus gur bogadh garsprioc aistrithe an 16 Meitheamh 2020 go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2020 ar deireadh, tráth a raibh an colún teicniúil trasuite ag na 27 mBallstát;

14. á chur i bhfáth gur fhág sé sin go raibh méadú suntasach ar an ualach oibre laistigh den ghníomhaireacht, thar an leibhéal réamhaisnéise do 2020; ag tabhairt le fios nár leithdháileadh acmhainní go fóill le haghaidh roinnt de na cúraimí tábhachtacha atá sainordaithe don ghníomhaireacht freisin; á mheas, dá bhrí sin, go bhfuil géarghá ag an ngníomhaireacht le méadú suntasach ar an gcistiúchán, mar a mhol Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta go láidir;

15. á chur in iúl gur geal léi feidhmíocht rathúil na gníomhaireachta laistigh de chreat cholún teicniúil an 4ú Pacáiste Iarnróid; ag tabhairt dá haire go háirithe gur tháinig méadú 700 %, 300 % agus 400 % faoi seach ar líon na n-údaruithe ERTMS, na n-údaruithe feithiclí agus na ndeimhnithe sábháilteachta pobail a eisíodh i gcomparáid le leibhéil 2019; á chur in iúl gur geal léi go roghnaíonn go leor monaróirí a sainchomhaid a thaisceadh leis an nGníomhaireacht fiú mura raibh baint acu ach le Ballstát amháin; ag tabhairt dá haire gur fhág paindéim COVID-19 gur cuireadh dlús le digitiú obair agus nósanna imeachta na Gníomhaireachta, go háirithe maidir le comhaid a chartlannú; ag moladh na Gníomhaireachta as an Ionad Ilfhreastail (OSS) a chothabháil go héifeachtach agus as an dul chun cinn a rinneadh chun éabhlóid fhadtéarmach ERTMS a fhorbairt, trí thuairim ERTMS ar phacáiste seirbhíse 3 maidir le láimhseáil iarrataí ar athruithe a eisiúint, mar shampla;

16. ag moladh na Gníomhaireachta as an dul chun cinn a rinne sí le samhail an chultúir sábháilteachta agus maidir le níos mó eagraíochtaí a mhealladh chun an dearbhú sábháilteachta a shíniú, mar shampla trína rannchuidiú rathúil leis an gCreat Bainistíochta Riosca d'Iompar Earraí Contúirteacha a chur chun cinn, agus trí dhíriú go háirithe ar fheabhas a chur ar stóinseacht ERTMS i gcoinne cibearbhagairtí, agus tríd an gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus le ENISA a neartú d'fhonn cur chuige comhtháite a fhorbairt ar leibhéal AE;

17. á chur in iúl gur geal léi tiomantas leanúnach na Gníomhaireachta don chuspóir Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid a chruthú mar aon lena hobair leanúnach i bpríomhréimsí amhail rialacha náisiúnta a laghdú agus aibíocht a sonraíochtaí teicniúla a áirithiú;

18. á chur in iúl gur geal léi an moladh ón nGníomhaireacht chuig an gCoimisiún agus an phleanáil ilbhliantúil as a dtiocfaidh athbhreithniú iomlán ar STI FTP faoi 2022, rud a éascóidh ticéadú agus taisteal ilmhódach ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal intíre;

Beartas foirne

19. ag tabhairt dá haire maidir leis an bplean bunaíochta, go raibh 97,29 % de forghníomhaithe an 31 Nollaig 2020, agus 144 ghníomhaire shealadacha ceaptha as 148 ngníomhaire shealadacha a údaraíodh faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 148 bpost údaraithe in 2019); ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, gur oibrigh 32 ghníomhaire ar conradh agus aon saineolaí náisiúnta ar iasacht amháin don Ghníomhaireacht in 2020;

20. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil easpa cothromaíochta inscne in ardbhainistíocht na Gníomhaireachta, inar fir iad seachtar as gach ochtar (87,5 %), agus i mbord bainistíochta na Gníomhaireachta, inar fir iad 44 dhuine as 61 duine (72,1 %); ag cur béim, thairis sin, ar an dáileadh inscne laistigh d'fhoireann fhoriomlán na Gníomhaireachta, inar fir iad 109 as 174 dhuine (62,6 %); á iarraidh ar an nGníomhaireacht a hiarrachtaí a mhéadú chun cothromaíocht inscne níos fearr a áirithiú ar leibhéal na bainistíochta agus ar leibhéal na foirne amach anseo; á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit go gcuirfear san áireamh an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht inscne a áirithiú agus a gcuid comhaltaí á gceapadh acu ar bhord bainistíochta na Gníomhaireachta;

21. ag tabhairt dá haire go bhfuil leibhéil na dtáillí agus na muirear arna socrú do ghníomhaíochtaí na gníomhaireachta ró-íseal le cur ar a cumas a cuid misean a mhaoiniú i gceart; á chur i bhfáth go bhfuil teorainn leis an nGníomhaireacht, sa bhreis ar na srianta a bhaineann lena buiséad, de bharr tábla foirne lena gcuirtear uasteorainn 148 mball foirne buan lena hacmhainní daonna; ag tabhairt dá haire go bhfuil 144 bhall foirne buan ag an nGníomhaireacht agus á iarraidh ar an gCoimisiún uasteorainn na foirne údaraithe a ardú;

22. ag spreagadh na Gníomhaireachta dul i mbun forbairt ar chreat beartais fadtéarmach um acmhainní daonna lena dtugtar aghaidh ar chothromaíocht oibre is saoil, treoir agus forbairt gairme ar feadh an tsaoil, cothromaíocht inscne, teilea-obair, cothromaíocht gheografach, agus earcú agus lánpháirtiú daoine faoi mhíchumas;

23. ag tabhairt dá haire gur tuairiscíodh trí chás ciaptha laistigh den Ghníomhaireacht le linn 2020; ag tabhairt dá haire, mar sin féin, nach ndearnadh aon imscrúduithe agus nár tugadh aon chásanna os comhair cúirte;

24. ag tabhairt dá haire gurb í an Ghníomhaireacht an t-údarás aonair san Aontas anois a sholáthraíonn deimhnithe sábháilteachta aonair agus údaruithe feithiclí, chomh maith le Ceadanna Taobh Riain ón gCóras Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid, agus gur mhéadaigh go mór ar ualach oibre a ball foirne dá bharr;

Soláthar

25. ag tabhairt dá haire maidir leis an mbunphlean soláthair, a d'fhormheas an Bord Bainistíochta mar chuid den doiciméad clársceidealaithe aonair 2020 agus a úsáidtear mar chinneadh maoiniúcháin ag an nGníomhaireacht, gur ghá é a mhodhnú i rith na bliana chun riar ar na ceanglais oibríochtúla agus srianta buiséadacha a bhain le COVID-19; ag tabhairt dá haire gurbh éigean trí nós imeachta a chur ar ceal, go háirithe nósanna imeachta a bhain le faireachán a dhéanamh ar an oiliúint, táirgeadh ábhair ilmheán agus seirbhísí cumarsáide, ar luach iomlán EUR 1 852 500;

26. ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht ceithre ghlao oscailte ar thairiscintí agus ceithre nós imeachta idirbheartaithe ar luach íseal agus gan fógra conartha a fhoilsiú in 2020; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur bronnadh ceann de na nósanna imeachta idirbheartaithe sin, ar luach tuairim is EUR 950 000, chun tacú le córas oibríochtúil na n-iarnród a fhorbairt lasmuigh den láthair;

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus an trédhearcacht

27. ag tabhairt dá haire gur fhoilsigh an Ghníomhaireacht CVanna agus dearbhú leasanna de chuid chomhaltaí an bhoird bainistíochta agus de chuid a luchta bainistíochta sinsearaí ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta; ag tabhairt dá haire nach bhfoilsíonn an Ghníomhaireacht CVanna saineolaithe seachtracha ná saineolaithe inmheánacha;

28. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí na Gníomhaireachta trédhearcacht ghníomhaíochtaí an Údaráis a fheabhsú trí fhaisnéis a fhoilsiú go tráthrialta ar a suíomh gréasáin faoi na cruinnithe uile a thionólann an Stiúrthóir Feidhmiúcháin le heagraíochtaí nó le daoine féinfhostaithe maidir le saincheisteanna a bhaineann le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta;

29. á chur in iúl gur geal léi gur lean an Ghníomhaireacht de na bearta a leagtar síos leis an gCreat um Dhea-Iompraíocht Riaracháin a chur chun feidhme agus gur lean sí den oiliúint maidir le heitic agus frith-chalaois atá éigeantach do gach ball foirne; á chur in iúl gur geal léi nár tarchuireadh aon chás ina bhfuil drochamhras ann faoi chalaois chuig OLAF;

Rialú inmheánach

30. ag tabhairt dá haire go raibh níos lú cásanna neamh-chomhréireachta agus neamhchomhlíonta ag an nGníomhaireacht in 2020 i gcomparáid le 2019; ag aithint iarrachtaí na Gníomhaireachta a feidhm fíoraithe *ex-ante* a neartú, agus gur sainaithníodh réimsí le feabhsú ar bhonn na neamh-chomhréireachtaí a braitheadh; ag aithint iarrachtaí na Gníomhaireachta a heagrú inmheánach agus a hacmhainní inmheánacha a neartú a mhéid a bhaineann leis an bhfíorú agus an rialú, trí dhíriú ar chosc seachas ar cheartú;

31. ag cur béim ar an mbarúil atá sa tuarascáil ón gCúirt go ndearna an Coimisiún, faoi chomhaontú ar leibhéal seirbhíse, an Ghníomhaireacht a rómhuirearú as seirbhísí éagsúla TF a sholáthar trí shonrasc a chur chuig an nGníomhaireacht as na córais sin, bunaithe ar líon mícheart úsáideoirí; ag cur béim ar na laigí i rialuithe inmheánacha na Gníomhaireachta arna sainaithint ag an gCúirt, a mheas nach ndearnadh aon seiceáil chun a áirithiú gur comhlíonadh téarmaí an chomhaontaithe ar leibhéal na seirbhíse sa mhéid a sonrascadh; á iarraidh ar an nGníomhaireacht measúnú a dhéanamh ar an laige arna sainaithint, bearta coisctheacha a thabhairt isteach, aghaidh a thabhairt ar na rioscaí arna sainaithint agus an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas faoi na bearta arna ndéanamh;

32. ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht measúnú ar a creat rialaithe inmheánaigh, agus gur mheas sí gur chomhlíon an Ghníomhaireacht a Caighdeáin Bhainistíochta; ag tabhairt dá haire go bhfuil foirmliú na conclúide sin éagsúil leis an bhfoirmliú a mbaineann gníomhaireachtaí eile úsáid as, agus nach dtugtar léargas ann an ndearnadh prionsabail agus comhpháirteanna an chreata rialaithe inmheánaigh a chur chun feidhme go héifeachtach agus an bhfeidhmíonn siad go héifeachtach; á iarraidh ar an nGníomhaireacht an creat rialaithe inmheánaigh a chur chun feidhme go hiomlán i gcomhréir leis an treoir arna cur ar fáil ag Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid; á iarraidh ar an nGníomhaireacht cinneadh na Cúirte a chur san áireamh ina measúnú agus meastóireacht cheart a dhéanamh ar a thionchar;

Freagairt ar COVID-19 agus leanúnachas gnó

33. ag tabhairt dá haire óna tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí gur fhreagair an Ghníomhaireacht go tráthúil agus go leormhaith do phaindéim COVID-19, i ndáil lena foireann agus lena socruithe oibre araon, agus i ndáil leis an earnáil iarnróid; ag tabhairt dá haire gur ghlac an bord bainistíochta na cinntí ba ghá chun leanúnachas gnó na Gníomhaireachta a áirithiú i rith na paindéime, lena n-áirítear na socruithe cinnteoireachta ba ghá maidir le teilea-obair le haghaidh fhoireann na Gníomhaireachta agus maidir leis an tacaíocht dhigiteach ba ghá le haghaidh cianobair éifeachtach; ag tabhairt dá haire go bhfuil tascfhórsa curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht chun faireachán tráthúil a dhéanamh ar staid na paindéime agus chun cinntí fíor-ama a dhéanamh chun sláinte agus sábháilteacht na foirne ag an obair a choimirciú, le taobh an éifeachtúlacht a chaomhnú; á chur in iúl gur geal léi gur eagraigh an Ghníomhaireacht cruinnithe tráthrialta den chomhthionól ginearálta chun a foireann a choinneáil ar an eolas agus ionas go mbeadh an fhoireann in ann a bheith rannpháirteach i rith na tréimhse sin;

Barúlacha eile

34. ag tabhairt dá haire go bhfuil comhaontú ar leibhéal na seirbhíse sínithe ag an nGníomhaireacht leis an bhfoireann phráinnfhreagartha ríomhaire (CERT-EU) agus go bhfuil plean gníomhaíochta forbartha aici lena n-áirítear gníomhaíochtaí amhail suíomhanna gréasáin inmheánacha nach n-úsáideann úsáideoirí seachtracha a bhlocáil, gnéithe teiliméadrachta a dhíchumasú agus beartas riosca úsáideora a imscaradh;

35. ag tabhairt dá haire nár leag an Ghníomhaireacht síos aon sprioc maidir le laghdú CO_2 in 2020; ag tabhairt dá haire, mar sin féin, go bhfuil an Ghníomhaireacht ag forbairt iarscríbhinn mhionsonraithe maidir le bainistiú comhshaoil a ghabhfaidh leis an doiciméad clársceidealaithe aonair; ag tabhairt dá haire go bhfuil an Ghníomhaireacht ag leanúint thionscnaimh Líonra Ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh a bhaineann leis an scéim um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil agus le seirbhísí deimhniúcháin ISO 14001;

36. ag tabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé digiteáil na Gníomhaireachta a mhéadú ó thaobh oibriú agus bainistiú inmheánach de, ach freisin a thábhachtaí atá sé dlús a chur le digiteáil na nósanna imeachta; á chur i bhfáth gur gá don Ghníomhaireacht leanúint de bheith réamhghníomhach ina leith sin chun bearna dhigiteach idir na gníomhaireachtaí a sheachaint ar ais nó ar éigean; ag tarraingt aird ar an ngá atá ann, áfach, na bearta uile is gá a dhéanamh chun aon riosca do shlándáil ar líne na faisnéise a phróiseáiltear a sheachaint;

37. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé go bhforbróidh an Coiste infheictheacht níos fearr sna meáin agus ar an idirlíon chun a chuid oibre a chur in iúl ar bhealach níos fearr;

38. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 ([2]) maidir le feidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([2]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0196.